# DUILLEOG



**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 15 Earrach 2011



I gcuimhne ar
Bríd Ní Bháicéir
a fuair bás bliain ó shin ar
4 Feabhra 2010
Go ndéanaí Dia a mhaith ar a
hanam uasal



## Lá Fhéil Bhríde
## Dé Máirt 1 Feabhra



A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael
scar orainn do bhrat
A Naomh Bríd, a chroí na Féile
stiúir sinn ar an mbóthar ceart
A Naomh Bríd gheanúil, ghrástúil
ar ár namhaid cosain sinn
A Naomh Bríd, a bhean rialta
álainn, ar uair ár mbáis
Glaoigh orainn

Ó Phaidreacha na Gaeilge le Donla Uí Bhraonáin.

## SEACHTAIN NA GAEILGE
### GAOTH DOBHAIR
### 11 - 17 MÁRTA, 2011
**CLÁR LE FÁIL NÍOS MOILLE**

## Sneachta bán na Nollag










**1961 – 2011**

# Ceiliúradh 50 Bliain a bhunaithe

**Is fada an t-am é ó chuir Cumann na Sagart tús le comórtas Ghlór na nGael i 1961 agus bhí Gaoth Dobhair páirteach ann fiú sna chéad bhlianta sin nuair a bhí daoine mar Áine Nic Giolla Bhríde, Conall Ó Fearraigh, Máire Nic Giolla Easboig agus Seán Ó Gallchóir gníomhach in obair an chomórtais.**

**Tá scór duaiseanna éagsúla bainte amach ag an choiste áitiúil anois ó 1980 chomh maith leis an phríomh Dhuais Náisiúnta agus Mór Ghradaim Ghlór na nGael i 2008.**

**Tá creidiúint mhór ag dul do Ghlór na nGael as an spreagadh agus an mhisneach a thugann siad do na coistí ar fud an tíre agus thar lear.**

**Déanann muid comhghairdeas ó chroí leo ar an ócáid mhór seo agus go maire siad beo agus**

**<u>slán ar feadh blianta fada eile.</u>**

## Duaiseanna Ghlór na nGael atá buaite ag Gaoth Dobhair

| | |
|---|---|
| **2008** | Mór-Ghradam Náisiúnta Leibhéal 4 - 1ú áit - €50,000 |
| **2007** | Mór Ghradam Náisiúnta Leibhéal 4 - 3ú áit - €7,500 |
| **2006** | Leibhéal 3 – 2ú áit - €1,500 & Duais Chomhairle Chontae Dhún na nGall - €1,500 |
| **2003** | An Ghaeltacht Leibhéal 2 – 2ú áit - €900 |
| **2002** | Duais Óige - €700 |
| **1996** | Duaiseanna Cúige - £1,000 |
| **1993** | Teastas |
| **1992** | Teastas+ |
| **1991** | Duais na Moltóirí £200 |
| **1989** | Roinn F (Pobal Gaeltachta – Údarás na Gaeltachta) 2ú Duais £600 |
| **1988** | Roinn F (Údarás na Gaeltachta) Teastas |
| | Duais Forbairt £200 |
| **1985** | Duais na Moltóirí - £100 |
| | Roinn F Pobal Gaeltachta Teastas |
| **1984** | Roinn F – 1ú Duais £300 |
| **1983** | Roinn F—3ú Duais £800 |
| **1982** | Roinn F 1ú Duais £300 |
| | Duais Uí Chadhain £500 |
| | Duais Údarás na Gaeltachta £200 |
| **1981** | Roinn F – 3ú Duais |

# Lá Teaghlaigh le Santa sa Chrannóg











Bhí scaifte mór páistí agus a dtuismitheoirí i láthair ar an Satharn 11 Nollaig, ag an Lá Teaghlaigh le Santa sa Chrannóg. Bhí an lá maith indiaidh aimsir an tsneachta agus bhí go leor spóirt agus spraoi ann do na páistí chomh maith le bia na Nollag ceardaíocht agus earraí eile do na daoine fásta le ceannacht. Bhí cró Santa leagtha amach go ealaíonta ag foireann na Crannóige. Thug thar dhá chéad caoga teaghlach cuairt ar Santa ar an lá.

Ní mo na go raibh faill ag Toní an tae a ól!

Bhí an Crann Óg i láthair fosta

Tháinig na daoine fásta ar cuairt chuige Déardaoin 16ú.

# Ranganna Ceoil sa Chrannóg

**Giotár**

Dé Luain 17ú, 24ú, 31ú Eanáir, 7ú, 14ú Feabhra

5.30 – 6.30 & 6.30 – 7.30

8 mbliana suas Táille - €30 don téarma

**Bosca Ceoil & Fidil**

Dé Máirt 18ú, 25ú Eanáir, 1ú, 8ú, 15ú Feabhra

Bosca Ceoil 5.30 – 6.30. Fidil 6.30 – 7.30

8 mbliana suas Táille - €30 don téarma

**Maindilín**

Dé Céadaoin 19ú, 26ú Eanáir, 2ú, 9ú, 16ú Feabhra

8 mbliana suas Táille - €30 don téarma

**Feadóg & Amhránaíocht**

Déardaoin 20ú, 27ú Eanáir, 3ú, 10ú, 17ú Feabhra

5.30 – 6.30

8 mbliana suas Táille - €30 don téarma

**Clárú ar an oíche**

**Tuilleadh eolais: (074) 9532208**

## Ranganna TEG

ag toiseacht arís Dé Céadaoin 19 Eanáir ag 7.00 ( Irish Classes TEG continuing on Wed 17th Jan at 7.00pm) .

## Ranganna Ealaíon

le Eoghan Ó Duibhir ag toiseacht arís Dé Céadaoin 26ú Eanáir ag 8.00pm

# Paráid na Féile Pádraig 2011

**Beidh an Pharáid ag toiseacht ag 2.30 i.n. ag cros-bhóthar an Bhun Bhig agus ag críochnú i nDoire Beaga ag carr chlós Molloy's. Tá an Pharáid á eagrú ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Cumann Tráchtála agus Tionscail Ghaoth Dobhair.**

## Cumann Cairdeas

Tá Cumann Cairdeas á reáchtáil sa Chrannóg gach Déardaoin ar 2.00 i.n. do dhaoine atá éirithe as a gcuid oibre ar mhaith leo theacht le chéile uair no dhó sa tseachtain. Beidh cúrsaí agus imeachtaí á eagrú de réir éileamh.

Tuilleadh eolais ó Chathal ag 9532208.